# Topaic: An scoil

## Fothopaic: Scoil tuaithe

Seo tascanna samplacha ranga a d'fhéadfaí a bhunú ar na míreanna físe ina bhfuil Caitríona Budhlaeir agus Dara Ó Cinnéide ag labhairt faoi scoileanna tuaithe. Tá na míreanna físe agus na téipscripteanna ar an suíomh.

Nóta: Is tascanna **samplacha** ranga atá anseo a léiríonn cad a **d'fhéadfaí** a dhéanamh le grúpa foghlaimeoirí, bunaithe ar an mír físe. Ní **plean ceachta** atá i gceist. Moltar go roghnódh an múinteoir tascanna a bheadh oiriúnach don ghrúpa foghlaimeoirí atá aige/aici agus go gcuirfí na tascanna **in oiriúint** do riachtanais an ghrúpa.

# Treoracha don Mhúinteoir

**Tasc samplach 1: Plé agus Tascanna**

Scaip an bhileog 'Scoileanna: plé agus tascanna'. Cuir na foghlaimeoirí ag obair ar na liostaí focal sa chéad tasc. Spreag iad le húsáid a bhaint as áiseanna tagartha má tá siad ar fáil. Ansin cuir ag obair i ngrúpaí beaga iad chun an plé sa dara tasc a dhéanamh. Beidh siad ag obair i ngrúpaí arís don tríú tasc ach spreag iad le habairtí a scríobh sa bhosca an uair seo. Cothaigh plé ranga ansin ar chuid de na ceisteanna a tháinig chun cinn.

**Tasc samplach 2: Tuiscint**

Scaip an bhileog 'Scoileanna tuaithe: éisteacht' agus seinn an dá mhír dóibh faoi dhó. Cuir an bhéim ar an bpointe nach gá gach focal a thuiscint – go bhfuil an bhéim ar éirim na míreanna a thabhairt leo.
Ansin cuir gach beirt ag obair ar na focail a chur in abairtí. Beidh aire ar leith le tabhairt don fhrása 'bualadh le' seachas 'bualadh'.
Sa tríú cuid, spreag plé timpeall ar chairde agus a dtréithe.

**Tasc samplach 3: Rólghníomhaíocht**

Bíodh na róil ar an mbileog 'Rólghníomhaíocht' gearrtha suas agat. Cuir na foghlaimeoirí ag obair i bpéirí – tabhair ról A do dhuine agus ról B don duine eile. Eagraigh an rólghníomhaíocht agus pléigh aon deacrachtaí a tháinig chun cinn. B'fhéidir go mbeadh gá roinnt réamhullmhúcháin a dhéanamh, ag brath ar leibhéal na bhfoghlaimeoirí – más gá, pléigh frásaí agus nathanna roimh ré.

# Scoileanna: Plé agus Tascanna

Stór focal:

Cad iad na focail ar fad atá ar eolas agat chun cur síos a dhéanamh ar scoileanna? Pléigh le do ghrúpa agus déanaigí liosta.
An dtuigeann sibh na focail sa bhosca thíos?

meánscoil, iarbhunscoil, scoil ilchreidmheach, pobalscoil, scoil chónaithe, scoil phríobháideach

Plé:

Conas a dhéanfá cur síos ar an scoil ina bhfuil do pháistí féin? Úsáid na focail nua atá foghlamtha agat.
Conas a mhíneofá do dhuine an difríocht idir scoil Ghaeltachta agus Gaelscoil?

Tasc:

Ag obair i ngrúpa, pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le scoileanna sa chathair agus scoileanna faoin tuath agus scríobh cúpla pointe sa bhosca thíos.

| Scoil tuaithe | Scoil sa chathair |
|---|---|
| | |

# Scoileanna Tuaithe: Éisteacht

Tuiscint: Beidh tú ag féachaint ar dhá mhír físe ina bhfuil daoine ag cur síos ar na scoileanna ina bhfuil a bpáistí. Éist leo ag caint agus breac síos nótaí faoin méid a deir siad. Ná bí ag iarraidh gach rud a thuiscint!

| Caitríona | Dara |
|---|---|
| | |

Stór focal: Seo thíos focail agus frásaí úsáideacha a bhí le cloisteáil. Déanaigí iarracht iad a chur in abairtí:

d'aistríomar
aithne
lasmuigh
freastal ar
bualadh le

Stór focal agus plé:

'…is dócha go bhfanann siad *dílis* do na cairde sin an chuid eile dá saol…'

- Cad iad na tréithe ba mhaith leat a bheadh ag cairde do pháistí? Déan liosta in éineacht le do ghrúpa agus ansin cuirigí an liosta in ord.

- Déan cur síos ar na cairde ar fhan tusa 'dílis' dóibh i rith do shaoil.

# Rólghníomhaíocht

## Ról A

**Tusa Siobhán. Tá tú féin, do pháirtí Diarmaid agus bhur gceathrar páistí bunscoile in bhur gcónaí i gceantar álainn tuaithe. Tá na páistí ag freastal ar scoil bheag in aice na farraige agus ag bun na sléibhte. Tá deis iontach faighte agat san obair, dar leat. Tá seans agat do phost a aistriú go dtí lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá tú ar bís! Ach níl Diarmaid tógtha leis an smaoineamh. Shocraigh sibh dul i gcomhair béile chun an scéal a phlé…**

## Ról B

**Tusa Diarmaid. Tá tú féin, do pháirtí Siobhán agus bhur gceathrar páistí bunscoile in bhur gcónaí i gceantar álainn tuaithe. Tá na páistí ag freastal ar scoil bheag in aice na farraige agus ag bun na sléibhte. Tá deis faighte ag Siobhán san obair. Tá seans aici a post a aistriú go dtí lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sí ar bís! Ach níl tusa tógtha leis an smaoineamh ar chor ar bith. Síleann tú gur smaoineamh craiceáilte é! Shocraigh sibh dul i gcomhair béile chun an scéal a phlé…**